CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/1509 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Meán Fómhair 2022

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 18 Iúil 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 6:

"6. **Ainm: 1: ABU 2: ZAYD 3: UMAR 4: DORDA**

Teideal: n/b **Ainmniú: a)** Stiúrthóir, an Eagraíocht Slándála Seachtraí. **b)** Ceann na gníomhaireachta um fhaisnéis sheachtrach. **Dáta Breithe:** 4 Aibreán 1944 **Áit Bhreithe:** Alrhaybat **Ainmneacha bréige láidre: a)** Dorda Abuzed OE **b)** Abu Zayd Umar Hmeid Dorda **Ainm bréige lag:** n/b **Náisiúntacht:** n/b **Uimhir an phas:** an Libia, uimhir FK117RK0, a eisíodh an 25 Samhain 2018, eisithe i dTripilí (Dáta éaga: 24 Samhain 2026) **Uimhir Aitheantais Náisiúnta:** n/b **Seoladh:** an Libia (Stádas/suíomh measta: éagtha) **A liostaíodh an:** 26 Feabhra 2011 (leasaithe an 27 Meitheamh 2014, 1 Aibreán 2016, 25 Feabhra 2020, 18 Iúil 2022) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhír 15 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil). Liostaithe an 17 Márta 2011 de bhun mhír 17 de rún 1970 (Reo Sócmhainní)."